COMHAR

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ

Iúil 2023 - Meitheamh 2024

Meitheamh 2024

Clár

1. REAMHRÁ.....3
a. Cruinnithe Boird.....3
b. Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh).....3
2. TIONSCADAIL.....3
a. Comhar.....3
b. LeabhairCOMHAR.....4
c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ).....5
d. COMHARTaighde.....5
i. Duais an Chomhchaidrimh.....5
e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge.....5
3. MAOINIÚ.....6
a. Foras na Gaeilge.....6
i. Maoiniú na hirise.....6
ii. Maoiniú na leabhar.....6
iii. Eile.....6
b. An Chomhairle Ealaíon.....6
i. Maoiniú na hirise.....6
ii. Maoiniú na leabhar.....7
iii. Eile.....7
c. Coiste Léann na Gaeilge.....7
d. COGG.....7
4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ.....7
a. Foireann na hoifige.....7
b. Conraitheoirí seachtracha.....7
5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT.....8
a. Lá Domhanda na Leabhar.....8
b. Ócáidí.....8
c. Na meáin shóisialta.....9
d. Eile.....9
6. EILE.....9
a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse.....9
b. Buíochas.....10

1. REAMHRÁ

Is mian le Bord Stiúrtha COMHAR an tuairisc seo ar obair na cuideachta a chur os comhair na gcomhaltaí.

a. Cruinnithe Boird

Tionóladh ocht gcruinniú den Bhord Stiúrtha ón gCruinniú Cinn Bhliana anuraidh:

- 07 Meán Fómhair 2023 (hibrideach)
- 19 Deireadh Fómhair 2023 (hibrideach)
- 04 Nollaig 2023 (hibrideach)
- 18 Eanáir 2024 (hibrideach)
- 29 Feabhra 2024 (hibrideach)
- 20 Márta 2024 (hibrideach)
- 16 Bealtaine 2024
- 01 Iúil 2024

Tá trí chruinniú eile le bheith ag an mBord i mbliana: 05.09.24, 17.10.24, 02.12.24.

Eagraíodh dhá chruinniú breise aon-mhíre le Plean Straitéiseach na heagraíochta a thabhairt le chéile Déardaoin, 14 Meán Fómhair 2023 agus Dé Luain, 18 Meán Fómhair 2023.

Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana ar an 01 Iúil 2024 go hibrideach.

b. Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)

D'éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as an mBord:

- Róisín Adams - 20 Meán Fómhair 2023
- Charlie Dillon - 11 Deireadh Fómhair 2023
- Katie Ní Loinsigh - 04 Nollaig 2023
- Cathal Goan (Cathaoirleach) - 04 Nollaig 2023
- Seán Ó Cuirreáin - 16 Bealtaine 2024

Ceapadh na daoine seo a leanas mar Stiúrthóirí nua ar an mBord:

- Pádhraic Ó Ciardha (Cathaoirleach) - 20 Márta 2024

D'fheidhmnigh Muireann Ní Mhóráin mar Chathaoirleach eatramhach ar an eagraíocht sa tréimhse ó Nollaig 2023 go Márta 2024.

Gabhtar buíochas faoi leith le Cathal Goan a chríochnaigh seal dhá bhliain déag sa chathaoir ar COMHAR agus tugadh aitheantas dó sin ag seoladh na Nollag de chuid COMHAR ar an 6 Nollaig 2023.

2. TIONSCADAIL

a. *Comhar*

Foilsíodh dhá eagrán déag den iris le linn thréimhse na tuairisce seo, móreagrán amháin ina measc i mí Dheireadh Fómhair 2023:

- Na Scríbhneoirí Úra: Ábhar (dánta, gearrscéalta agus eile) ó scríbhneoirí nach raibh leabhar foilsithe acu cheana.

Mar is gnách, foilsíodh an liosta móréilimh *Leabhair na Bliana* i móreagrán na Nollag ag deireadh 2023. San eagrán sin tugadh spléachadh ar na leabhair is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na léirmheastóirí le linn na bliana.

Lean Seán Tadhg Ó Gairbhí agus Tristan Rosenstock lena gcúraimí mar Eagarthóir agus Eagarthóir Liteartha, faoi seach, le linn na tréimhse. Meastar gur leanadar den ardchaighdeán a bhí bainte amach le blianta beaga roimhe sin maidir le scríbhneoireacht, le héagsúlacht an ábhair agus le críochnúlacht na hirise. Chuir dearadh Mark Wickham go mór leis an bhfoilseachán arís agus chuir sé an leagan leictreonach ar fáil ar an suíomh gach mí freisin.

b. *Leabhair*COMHAR

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce seo, le tacaíocht ó na maoinitheoirí ainmnithe:

- Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge
    - *Geansaithe Móra* le Gearóidín Nic Cárthaigh (Guth Nua)
        - cnuasach splancfhicsin
    - *Leanaí Séanta* le Celia de Fréine (An Léamh Liteartha)
        - drámaí comhaimseartha.
    - Athchló leasaithe ar *Dialann Emily Porter: An Jailtacht* le Richie Conroy (An Saol Óg)

- An Chomhairle Ealaíon
    - *Deargadh Anoir* le hIarla Mac Aodha Bhuí (An Saol Óg)
        - úrscéal stairiúil eachtraíochta do dhéagóirí
    - *Am Amú* le hÉilis Neary (An Saol Óg)
        - úrscéal do dhéagóirí óga maisithe ag an údar
    - *Iarmhairt* le Pádraig Mac Fhearghusa (Téad na Filíochta)
        - réamhrá le Máire Ní Annracháin agus léaráidí le Aoife Nic Fhearghusa

Leabhair idir lámha le comhmhaoiniú ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) agus An Chomhairle Ealaíon:

Dáta foilsithe 2024:

- *Oíche Shamhna* le Marie Whelton, maisithe ag Frank Endersby: pictiúrleabhar do pháistí bunscoile.
- *Scéalta Nollag* le hAlan Titley: cnuasach scéalta faoi shéasúr na Nollag
- *Dialann Emily Porter: Caillte & Aimsithe* le Richie Conroy, maisithe ag Don Conroy: an tríú leabhar sa tsraith seo
- *Inis Mara 2* le Tristan Rosenstock, maisithe ag Mark Wickham: an dara leabhar sa tsraith seo do léitheoirí i Rang 5/6
- Athchló ar *Tairngreacht* le Proinsias Mac a'Bhaird

Dáta foilsithe 2025:

- *An Ghaeilge i gContae Chill Mhantáin* le Séadna Mac Seoin: stair agus forbairt na Gaeilge sa cheantar

Cuireadh an t-athbhreithniú ar Scéim na Foilsitheoireachta i gcrích i mí Mhéan Fómhair 2023. An dá athrú is mó faoin scéim nua ná 1. Tréimhse maoinithe trí bliana, seachas tréimhse bliana mar a bhí roimhe seo agus 2. Nach bhfuil teorainn leis na costais táirgeachta mar a bhí roimhe seo. Athruithe dearfacha iad seo dar le *Leabhair*COMHAR agus cabhraíonn an tréimhse maoinithe níos faide go mór ó thaobh cúrsaí pleanála de. Bronnadh maoiniú ar *Leabhair*COMHAR don tréimhse 2024-26 i mí na Nollag 2023.

c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce seo:

- *Máirtín Ó Cadhain 2020* in eagar ag Eoin Mac Cárthaigh agus Pádraig de Paor
    - páipéir a léadh ag comhdháil dar teideal 'Máirtín Ó Cadhain 2020' móide dhá aiste phearsanta
    - Maoinithe ag Clár na Leabhar Gaeilge agus Fochoiste na bhFoilseachán, Coiste Léann na Gaeilge

Tháinig deireadh leis an síneadh bliana a cuireadh leis an maoiniú (Clár na Leabhar Gaeilge faoi Scéim na Foilsitheoireachta) don tionscadal seo ag deireadh 2023. Mar chuid den Phlean Straitéiseach, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2024-26) ón tionscadal seo.

d. COMHAR*Taighde*

Foilsíodh eagrán 9 de COMHAR*Taighde* i Samhain 2023. Eagarthóirí:

- an tOllamh Comhlach Caoimhín Mac Giolla Léith
- an tOllamh Comhlach Ríona Nic Congáil
- an Dr Peadar Ó Muircheartaigh

Sheol an tOllamh Pádraig Ó Macháin an t-eagrán ag ócáid ar an 25 Samhain 2023 mar chuid den chomhdháil 'An Béal Beo' i Roinn na Nua-Ghaeilge, UCC.

Tá obair idir lámha ar COMHAR*Taighde* 10 faoi láthair.

i. Duais an Chomhchaidrimh

Duais nua é seo (€750 agus buanghradam) urraithe ag Gael Linn. Bronnfar Duais an Chomhchaidrimh ar an alt is fearr in CT 10 atá scríofa ag taighdeoir luathghairme.

Ainmnítear an duais seo i gcuimhne ar an gcumann idir-ollscoile as ar shíolraigh COMHAR agus Gael Linn.

e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Réachtáladh ócáid sheolta, i gcomhpháirt leis an Oireachtas mar chuid de na Gradaim Fhoilsitheoireachta, in Iarsmalann Litríocht na hÉireann (MOLI), an 27 Meán Fómhair 2024. Cuireadh na portráidí seo a leanas leis an mbunachar an tráth sin:

- **Breandán Delap:** iriseoir
- **Brenda Ní Shúilleabháin:** díolamóir, scéalaí agus scríbhneoir scripte
- **Dara Ó Conaola:** gearrscéalaí, file agus drámadóir
- **Marie Whelton:** úrscéalaí, scríbhneoir don aos óg, agus scríbhneoir acadúil
- **Meidhbhín Ní Úrdail:** Ollamh le Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus scríbhneoir acadúil

- **Neil Buttimer:** Iarléachtóir Sinsearach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus scríbhneoir acadúil
- **Rody Gorman:** file agus eagarthóir
- **Sadhbh Devlin:** scríbhneoir don aos óg

Fógraíodh na hainmneacha seo de na scríbhneoirí a nglacfaidh páirt sa togra sa bhliain 2024.

- **Ciara Ní É:** file agus blagadóir
- **Eithne Ní Ghallchobhair:** gearrscéalaí
- **Majella Ní Dhomhnaill:** úrscéalaí agus gearrscéalaí
- **Matt Hussey:** scríbhneoir eolaíochta agus staraí
- **Michelle O Riordan:** staraí, scríbhneoir spioradálta, agus Ollamh Cúnta in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
- **Ógie Ó Céilleacháir:** gearrscéalaí agus scríbhneoir don aos óg
- **Seán Tadhg Ó Gairbhí:** iriseoir
- **Seán Ua Súilleabháin:** Léachtóir le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scríbhneoir acadúil

Seolfar na hiarrachtaí seo san Fhómhar. Tá COMHAR buíoch de Foras na Gaeilge, as an maoiniú a gcuireann siad ar fáil leis an tionscadal seo a reáchtáil gach bliain, agus de na scríbhneoirí agus na grianghrafadóirí a thoilíonn a bheith páirteach sa togra spreagúil seo. Mar chuid den Phlean Straitéiseach, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2025-27) ón tionscadal seo.

3. MAOINIÚ

a. Foras na Gaeilge

i. Maoiniú na hirise

- Bunmhaoiniú de €80,000 sa bhliain atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge don tréimhse 2021-25.

ii. Maoiniú na leabhar

- Cheadaigh Clár na Leabhar Gaeilge €59,416 do *Leabhair*COMHAR agus CLÓ le linn 2023 faoi Scéim na Foilsitheoireachta.
- Bhronn siad €10,000 sa bhreis mar mhaoiniú aon uaire.
- €48,840 do *Leabhair*COMHAR atá ceadaithe do 2024 (maoiniú aon uaire €10,000 san áireamh).

iii. Eile

- Cheadaigh Foras na Gaeilge maoiniú de €26,000 ag deireadh 2023 le nuashonrú a dhéanamh ar shuíomh comhar.ie mar aon le haistriú óstáil suíomhanna uile COMHAR go Microsoft Azure (maoiniú aon uaire).
- Bhronn Clár na Leabhar Gaeilge €15,000 ar *Leabhair*COMHAR chun íoc as costais uile Lá Domhanda na Leabhar.

b. An Chomhairle Ealaíon

i. Maoiniú na hirise

- Ceadaíodh €22,500 don bhliain 2023 le 3 mhóreagrán a fhoilsiú.
- Ceadaíodh €41,064 don bhliain 2024 le 3 mhóreagrán a fhoilsiú mar aon le táillí eagarthóireachta, deartha, scríbhneoireachta sna 9 eagrán eile a chlúdach.

ii. Maoiniú na leabhar

- Ceadaíodh €22,350 don bhliain 2023 agus €24,585 don bhliain 2024.

iii. Eile

- Ceadaíodh €6,400 faoin Scéim Tógála Cumais ar mhaithe leis an deis fógraíocht a mhealladh ó chomhlachtaí Stáit (reachtaíocht nua maidir le fógraíocht sna meáin Ghaeilge) a thapú.

c. Coiste Léann na Gaeilge

- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €3,000 ar an eagraíocht i gcomhair COMHAR*Taighde* 9 a fhoilsiú.
- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €4,000 ar an eagraíocht i gcomhair costaisí cóipeagarthóireachta CLÓ.

d. COGG

- Bhronn COGG maoiniú €5,000 sa bhliain ar COMHAR chun cóipeanna PDF den iris a scaipeadh ar gach meánscoil sa tír in 2024-2025. Cuirfidh COMHAR spás fógraíochta in iris *Comhar* ar fáil do COGG mar chuid den socrú seo.

Tá COMHAR an-bhuíoch de na maoinitheoirí go léir as an tacaíocht leanúnach.

Aithníodh sa tuairisc seo anuraidh go raibh dúshlán suntasach ann chun an bhearna idir an bunmhaoiniú bliantúil de €120k, a bhí ar fáil ó FnaG go dtí 2020, agus an €80k atá ar fáil ó shin i leith, a líonadh, go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil praghsanna agus costais ag ardú go suntasach i ngach earnáil le cúpla bliain anuas. Aithníodh chomh maith go raibh deis nua ann maidir le fógraíocht Stáit a mhealladh chuig *Comhar.* A bhuí leis an ardú sa mhaoiniú don iris ón gComhairle Ealaíon do 2024 agus leis an maoiniú a ceadaíodh faoin Scéim Tógála Cumais (3.b.iii.), d'éirigh le COMHAR cuid den bearna sin a líonadh le bliain anuas. Tá costais ag ardú go fóill áfach, agus an chéad chéim eile atá beartaithe ná athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcóras reatha praghsála ar shíntiúis *Comhar* ó fhómhar 2024 ar aghaidh*,* a áiríonn 1. ardú ar phraghas na hirise ó €4.00 go €4.50 sa mhí, 2. costas postas a ghearradh ar shíntiúsóirí bunaithe ar an tír ina bhfuil siad agus 3. praghas an tsíntiús do leabharlanna a ardú.

4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ

Faoin Fheidhmeannach Bainistíochta & Gnó (FBG) atá cúram bhainistiú laethúil an ghnó (cúraimí airgeadais, riaracháin, cumarsáide etc.). Oibríonn an FBG i bpáirt leis an leis an bhFeidhmeannach Foilsitheoireachta (FF), le conraitheoirí seachtracha agus feidhmíonn sí mar lárphointe teagmhála don Bhord Stiúrtha.

a. Foireann na hoifige

- Lean Clare Coughlan ina ról mar FBG le linn na tréimhse.
- Lean Jennifer Gorissen ina ról mar FF le linn na tréimhse.

b. Conraitheoirí seachtracha

- Seán Tadhg Ó Gairbhí - Eagarthóir *Comhar*
- Tristan Rosenstock - Eagarthóir Liteartha *Comhar*
- Mark Wickham - Dearthóir *Comhar*

- Deirdre Ní Fhloinn - Feidhmeannach Fógraíochta

5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT

a. Lá Domhanda na Leabhar

Glacadh le hiarratas *Leabhair*COMHAR ar Lá Domhanda na Leabhar 2024 agus roghnaíodh *Inis Mara* le Tristan Rosenstock mar an rogha don leabhar Gaeilge. Ba é an chéad uair a roghnaíodh leabhar do pháistí níos sine mar an rogha Gaeilge.

Foilsíodh ailt agus agallaimh leis an údar sna meáin náisiúnta agus áitiúla (raidió, teilifís, nuachtáin chlóite agus meáin ar líne) mar chuid den fheachtas seo.

Eagraíodh na hócáidí seo a leanas le linn Sheachtain Lá Domhanda na Leabhar:

- 6 Márta 2024: Dubray, Ráth Maonais. Ceardlann leis an údar agus 37 páiste ó Rang 5, Scoil Bhríde, Raghnallach.
- 7 Márta 2024 (Lá Domhanda na Leabhar): Leabharlann Dhún Laoghaire (DLR Lexicon). Ceardlann leis an údar agus 60 páiste ó Rang 6, Scoil Lorcáin, An Charraig Dhubh. Bhí Nuacht TG4 agus Nuacht Cúla 4 i láthair agus craoladh míreanna ar an dá chlár.

Tá *Leabhair*COMHAR an-bhuíoch de Tristan Rosenstock, de Laura Rawdon (Clár na Leabhar Gaeilge) mar aon le foireann World Book Day as an gcomhoibriú agus tacaíocht le linn an fheachtais. Chuir na heagraíochtaí seo a leanas comhairle an-luachmhar ar fáil chomh maith: ÁIS, CBI, O'Brien Press agus an tSnáthaid Mhór.

b. Ócáidí

Sa bhreis ar na hócáidí luaite faoi mhíreanna eile sa tuairisc seo, bhí ionadaí COMHAR i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- Comhdháil Children's Books Ireland, BÁC, 16-17 MF 2023
    - Roghnaíodh Tristan Rosenstock (údar *Inis Mara*) agus Serena Scully (maisitheoir *An Snag Breac Ildaite*) chun cainteanna a thabhairt mar chuid den cheardlann 'New Voices' ar an 17ú
- An Chomhdháil ar Lítríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, Gaillimh, 7 DF 2023
- Léacht Uí Chadhain, UCD, 12 DF 2023
    - Seoladh *An Óige agus an Athbheochan* (CLÓ)
- Oireachtas na Samhna, Cill Airne, 2-4 Samhain 2023
    - Mórsheoladh ag *Leabhair*COMHAR ar an 3ú
- Publishing Ireland Annual Conference - Trade Day, BÁC, 10 Samhain 2023
- Seoladh *Léann na Sionainne* (CLÓ), UCC, 24 Samhain 2023
- Aonach na Nollag, Áras Chrónáin, Cluain Dolcáin, 3 Nollaig 2023
- Mórsheoladh na Nollag COMHAR, City Assembly House, BÁC, 6 Nollaig 2023
    - Sheol Rónán Ó Domhnaill, Coimisinéir Forbartha na Meán, trí leabhar nua (*Am Amú, Iarmhairt, Leanaí Séanta*) mar aon le heagrán mhí na Nollag *Comhar*
- Irish Book Trade Conference/Booksellers Ireland, BÁC, 26-27 Eanáir 2024
- Seoladh *Máirtín Ó Cadhain 2020* (CLÓ), TCD, 8 Márta 2024
- Comhdháil: 'Teenage Literature in Minority Languages', UCD, 22 Márta 2024
- 'Whole Wide World Bus Tour' eagraithe ag CBI, Co. an Chláir & Co. Luimnigh, 22-23 Aibreán 2024
    - Ghlac Tristan Rosenstock páirt ann le h*Inis Mara.*
- An Focal Beo, Leitir Ceanainn, 30 Aibreán 2024

    - Celia de Fréine ag caint faoi *Cur i gCéill*
- Féile na Bealtaine, An Daingean, 5 Bealtaine 2024
    - Ceardlann le Tristan Rosenstock bunaithe ar *Inis Mara*
- IMRAM na nÓg, 7-11 Bealtaine 2024
    - 2 ócáid do pháistí leis an údar Éilis Neary, bunaithe ar *Am Amú*

c. Na meáin shóisialta

Baintear leas as cuntais COMHAR ar na meáin shóisialta (i.e. Instagram, Twitter agus Facebook) chun cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bpobal. Meán luachmhar é chun poiblíocht a dhéanamh ar obair agus aschur na heagraíochta i measc custaiméirí agus eagraíochtaí eile.

Léiríonn an tábla thíos an fás a tháinig ar líon na leantóirí le dhá bhliain anuas.

Meán	2022	2023
Instagram	1,064	1,243
Twitter	3,941	4,261
Facebook*	4,026	4,945

*cuntais na hirise agus na leabhar móide leathanach na heagraíochta

d. Eile

- Roghnaíodh *Inis Mara* le Tristan Rosenstock le bheith páirteach sa *Culture Night Book Gifting Projec*t i mí MF 2023.
- Rinneadh gearrliostú ar *Inis Mara, Éanlaith Iarthuaisceart Thír Chonaill, An Óige & an Athbheochan* agus *Léann na Sionainne* do na Gradaim Foilsitheoireachta 2023.
- Roghnaíodh *Geansaithe Móra* le Gearóidín Nic Cárthaigh mar Leabhar na Míosa ar RnaG i mí na Samhna. Rinne poiblíocht ar an leabhar le linn na míosa (*stings*) ar RnaG agus craoladh eagrán ar leith den chlár 'An Cúinne Dána' maidir leis an leabhar.
- Roghnaíodh *Am Amú* le hÉilis Neary do Chlub Leabhar COGG ag tús 2024.
- D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí oiliúna éagsúla de chuid Publishing Ireland (go fíorúil) le linn na tréimhse.
- Fuair tionscadail éagsúla na heagraíochta cuid mhaith poiblíochta sna meáin (e.g. tuairisc.ie, nós.ie, Irish Independent, Irish Times, rte.ie) agus sna meáin shóisialta.
- Leanadh le fógraíocht rialta a dhéanamh ar leabhair de chuid *Leabhair*COMHAR agus CLÓ san iris *Comhar*.
- Glacadh fógraíocht seachtrach in Books Ireland ag deireadh 2023.

6. EILE

a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse

Suaimhneas síoraí do na daoine seo a leanas a cailleadh le bliain anuas:

- Liam Prút - iar-eagarthóir *Comhar* agus eagarthóir ar fhoilseachán *Leabhair*COMHAR (DF 2023)
- Críostóir Ó Floinn - saothar foilsithe le *Leabhair*COMHAR (DF 2023)
- Anraí Ó Braonáin - iarbhall boird agus comhalta cuideachta (Samhain 2023)

b. Buíochas

Gabhann stiúrthóirí COMHAR buíochas le:

- Páirtnéirí maoinithe COMHAR:
    - Foras na Gaeilge
        - Clár na Leabhar Gaeilge
    - An Chomhairle Ealaíon
    - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
    - Fochoiste na bhFoilseachán, Coiste Léann na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann
- Daithí Ó Maolchoille agus Tom Bluett, a rinne iniúchadh ar na cuntais
- *Comhar*: Seán Tadhg Ó Gairbhí (Eagarthóir), Tristan Rosenstock (Eagarthóir Liteartha), Máire Ní Fhinneadha (Cóipeagarthóir), Mark Wickham (Dearthóir), Deirdre Ní Fhloinn (Feidhmeannach Fógraíochta), Johnswood Press (Clódóirí), na haoi-eagarthóirí agus na scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an iris
- *Leabhair*COMHAR: Na scríbhneoirí, léitheoirí, cóipeagarthóirí, dearthóirí, maisitheoirí, agus clódóirí éagsúla
- CLÓ: Grúpa maoirseachta agus Bord comhairleach eagarthóireachta an inphrionta
- COMHAR*Taighde:* Caoimhín Mac Giolla Léith, Ríona Nic Congáil, Peadar Ó Muircheartaigh, Ronan Doherty, Cathal Burke; agus bord comhairleach eagarthóireachta acadúil
- *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*: Breandán Mac Craith agus Anna Davitt ó Foras na Gaeilge (maoinitheoir), na grianghrafadóirí agus na daoine ar cuireadh a bportráid leis an suíomh le linn na tréimhse
- Foireann COMHAR:
    - Jennifer Gorissen
    - Clare Coughlan

Stiúrthóirí COMHAR
Meitheamh 2024